


GCE



GCE Athbhreithnithe  
Treoir do Dhaltaí  
**Tíreolaíocht**

**Cinnteoireacht sa Tíreolaíocht**

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2016



# Treoir ar an Chleachtadh Cinnteoireachta sa Tíreolaíocht A2

## Cúlra an Chleachtaidh Chinnteoireachta ag A leibhéal

Is é atá i saincheisteanna ná rudaí siúd thart orainn a spreagann díospóireacht. Is minic a bhíonn comhthéacs tíreolaíochta leo agus nuair a dhéanann muid staidéar ar an ábhar, faigheann muid na scileanna atá de dhíth orainn leis na saincheisteanna sin a thuiscint, lenár n-intinn a dhéanamh suas fúthu agus lenár ndearcadh a chur trasna go héifeachtach. Tá tú eolach ar fhorbairtí atá molta i do cheantar a spreag díospóireacht agus plé. Is féidir gur clúdaíodh a leithéidí ar an teilifís nó ar an raidió áitiuil nó sna nuachtáin áitiúla agus seans go raibh agóidí ann mar gheall orthu amhail an ceann a léirítear sa ghrianghraf thíos.



© ericcrama/iStock/ThinkstockPhotos.com

Ba cheart dúinn cuimhneamh i gcónaí go mbíonn níos mó ná taobh amháin le gach argóint i gcónaí. Baineann cuid de na hargóintí le *NIMBY* (Ní ar leac mo dhorias-se) Ciallaíonn sé seo go n-aontaíonn na daoine atá ag déanamh na hargóinte go bhfuil gá leis an fhorbairt ach nach bhfuil siad ag iarraidh go mbeadh sí suite taobh leo féin. In amanna déanann daoine argóintí ina mhaíonn siad go bhfuil dearcadh ar leith á chur chun tosaigh acu, ach i bhfrinne bíonn cúis eile i gceist. B'fhéidir go maífeadh tionsclaí go bhfuil forbairt nua deartha le cuidiú le muintir na háite ach i bhfrinne b'fhéidir gurbh é an brabús a spreagfadh é.

Is féidir fiú an teanga a úsáidtear nuair a bhíonn saincheisteanna á bplé a bheith suimiúil: cuirfidh taobh amháin síos ar fhorbairt mar “Stáisiún Cumhachta Dramhaíl go Fuinneamh” a bhfuil brí dhearfach air, ach tabharfaidh na daoine atá ag cur ina coinne “Loisceoir” air, focal a bhfuil fochiall i bhfad níos diúltaí leis.

An rud atá mar “sainchomhartha íocónach” ag duine amháin atá ar son forbartha, síleann an duine eile atá ina coinne gur “gráin súl” í. Agus na cúiseanna éagsúla atá taobh thiar de na hargóintí agus an teanga mhothúcháin a úsáidtear á gcur san áireamh, ní féidir cinneadh a dhéanamh faoi cé acu taobh a bhfuil an cás is láidre acu go dtí go mbíonn tuiscint mhaith agat ar an tsaincheist agus ar na hargóintí ar a son agus ina coinne.

Tá an Cleachtadh Cinnteoireachta (*Decision Making Exercise*) mar chomhpháirt de scrúduithe Tíreolaíochta ag A Leibhéal i dTuaisceart Éireann leis na blianta. Is léiriú é a bheith go fóill ann go bhfuil tíreolaithe go fóill ag plé le saincheistanna a bhaineann le tíreolaíocht.

Ba iad saincheistanna an fhíorshaoil, a ndéantar scrúdú orthu, ba chúis le conspóidí agus is cúis go fóill. Cuireann an dá thaobh dearchtaí a gcreideann siad go daingean iontu chun tosaigh go láidir. Caithfear na gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta den tsaincheist a thuiscint, dianmhachnamh a dhéanamh orthu agus iad a chur i láthair ar dhóigh shoiléir chothrom. Ar deireadh thiar thall, áfach, caithfidh an t-iarrrthóir cinneadh a dhéanamh agus é a chosaint.

Is féidir an tsaincheist i gcoírlár an Chleachtaidh Chinnteoireachta teacht ó áit ar bith ar domhan. Ar eagla go smaoineofaí go bhfuil claontacht i gceist, tá claonadh ann saincheistanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann a sheachaint. Is féidir scála ar bith bheith i gceist leis an tsaincheist – forbairt measartha beag amhail droichead nua nó seachbhóthar nó forbairt mhór mar scéim hidrileictreachais nó forbairt chalafoirt.

### **Samplaí de Chleachtaí Cinnteoireachta le Déanaí 2012 – 2017**

#### **Bliain Topaic/Láthair**

- 2017 Forbairt chuain i nDún Laoghaire
- 2016 Togra i leith Damba *Peace Valley* (Ceanada)
- 2015 Mianach potaise i bPáirc Náisiúnta *North York Moors*,
- 2014 Plean le haghaidh forbairt chalafort in *Falmouth*
- 2013 Aerfort ar San Héilin, in Aigéan an Atlantaigh Theas,
- 2012 Feirm Ghaoithe sna Sléibhte Monadh Liath in Albain

**Ní bhíonn freagra mícheart in CC (*DME*), ina áit sin, ní bhíonn ann ach ceann nach bhfuil go leor fianaise ag tacú leis.**

Le go mbeidh sé ar chumas daltaí cinneadh eolasach a dhéanamh, tá leabhrán áiseanna curtha ar fáil. Bíonn struchtúr an leabhráin áiseanna mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain, agus ní athraíonn ach an tsaincheist atá mar ábhar na gceistanna. Bíonn ceistanna timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta den chineál chéanna ann arís agus arís eile.

## Cleachtadh Cinnteoireachta sa Tíreolaíocht Aonad A2 3

### Struchtúr an pháipéir

Tá scrúdú amháin ann a mhaireann aon uair a chloig agus 30 nóiméad. Sa pháipéar seo caithfidh tú cleachtadh cinnteoireachta a dhéanamh i bhfoirm tuairisce ar chás-staidéar.

Moltar duit 30 nóiméad a chaitheamh ag léamh na ceiste agus ag roghnú faisnéis cuí ó na háiseanna sula dtugann tú faoi na freagraí a scríobh. Dearfar an réimse áiseanna téacs a bheidh le léamh agat agus líon na léarscáileanna agus na léaráidí a bheidh le tuiscint agat sa dóigh go mbeidh siad indéanta taobh istigh den tréimhse 30 nóiméad. Cé nach mbeadh sé inmholta na háiseanna a fhiosrú faoi dheifir, caithfear a chuimhneamh, má chaitheann tú níos faide ná an 30 nóiméad a mholtar, gurbh fhéidir go mbeadh caighdeán do fhreagra scríofa thíos leis.

Má chaitheann tú an t-am cuí leis an léitheoireacht agus leis an ullmhúchán, ba cheart go mbeadh 60 nóiméad agat le tabhairt faoin tuairisc féin.

Is fiú 60 marc an páipéar Cinnteoireachta lena n-áirítear graf a dhéanamh ó thábla sonraí. Tá sé fíorthábhachtach gan barraíocht ama a chaitheamh le roinn ar bith ar leith nó má chaitheann, ní bheidh an deis agat do fhreagraí a sheiceáil le mion-earráidí a aithint.

Le nach gcaithfidh tú barraíocht ama ar roinn ar bith ar leith:

- tabhair freagra gasta gonta agus bíodh an t-ábhar ábhartha;
- díriú ar ghnéithe den áis a bhaineann leis an roinn sin; agus, an rud is tábhachtaí,
- léigh an cheist go cúramach sa dóigh nach mbíonn tú ag plé le hábhar a bheidh de dhíth ort do roinn eile níos faide anonn.

Agus tú i mbun na tréimhse léitheoireachta 30 nóiméad, moltar duit aibhsiú, folíniú agus nótaí a dhéanamh ar na háiseanna le tú féin a threorú go dtí ábhar cuí na n-áiseanna le go mbeidh tú ábalta teacht air go gasta agus tú ag scríobh do fhreagra.

### Scileanna agus teicnící

Tá scileanna suntasacha i gceist leis an CC (*DME*). Is scileanna tíreolaíochta cuid acu a d'fhorbair tú ó thosaigh tú ag déanamh staidéar ar an ábhar den chéaduaire. I dtosach, caithfidh tú dul i ngleic le saincheist tíreolaíochta agus tuiscint a fhorbairt ar théacs agus ar áiseanna grafacha a bhíonn casta go minic. Caithfidh tú dearchtaí éagsúla a scrúdú agus tuiscint ionbháil a léiriú ar luachanna contrártha. Caithfidh tú fosta cinneadh a dhéanamh agus é a chosaint. Caithfear seo uilig a chur i láthair i bhformáid tuairisce a thugann do dhúshlán comhthéacs na saincheiste a thabhairt agus an dá thaobh d'argóint a chur i láthair go soiléir gonta mar aon le do chinneadh agus na fáthanna a bhaineann leis.

Is scil thábhachtach é bheith ábalta argóint a luacháil go neamhchlaonta. Ba cheart duit tabhairt faoin CC (*DME*) le hintinn oscailte. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh dearchtaí láidre agat go ginearálta ar an timpeallacht, agus go mbeadh sí mar thosaíocht agat de ghnáth i saincheisteanna timpeallachta/forbartha, ach caithfidh tú argóint chothrom a bhfuil fianaise léi a chur i láthair do cibé cinneadh a dheanfaidh tú agus aitheantas a thabhairt don taobh atá ina coinne sa díospóireacht. Bheifeá ag éirí an chothromaíocht chéanna a bhaint amach, fiú má thacaíonn tú de ghnáth le dul chun cinn eacnamaíoch níos mó ná le ceisteanna timpeallachta. Is gá gach saincheist a mheas de réir fhiúntas na n-argóintí éagsúla. Is gá aitheantas cuí a thabhairt do na dearchtaí sna háiseanna agus is gá neart gach seasaimh a admháil.

Ar deireadh thiar thall deanfaidh tú cinneadh agus caithfear na fáthanna a thugann tú a bheith fiúntach.

Ba cheart duit creidiúint a thabhairt d'argóintí atá láidir, fiú dóibh siúd atá i gcoinne an chinnidh a dhéanann tú ach bí réidh le hiad a bhréagnú le frith argóintí atá níos láidre fós.

Bíonn saincheisteanna tíreolaíochta casta; mura mbeadh, ní bheadh siad conspóideach agus ní saincheisteanna a bheadh iontu.

## An leabhar áiseanna sa scrúdú

Is cuid lárnach de dhúshlán an CC (*DME*) na hábhair casta sa leabhar áiseanna a thuiscint agus do chuid féin a dhéanamh díobh. Tá tú ag forbairt scileanna léirmhínithe leis na blianta agus tú ag déanamh staidéir ar an tíreolaíocht agus tá neart taithí agat ar tháblaí sonraí, léarscáileanna, grianghraif agus léaráidí a úsáid. Sa CC (*DME*) caithfidh tú do scileanna a úsáid le do chuid féin a dhéanamh den fhaisnéis sa leabhar áiseanna taobh istigh d'am teoranta. Go minic is foinse mhaith eolais iad na seanpháipéir a thabharfaidh cleachtadh duit le dul i ngleic le háiseanna nach bhfacthas roimh réidh agus le do fhreagra a eagrú. Bíodh a fhios agat, áfach, go bhfuil na hamanna i gcuid de na seanpháipéir shamplacha CC (*DME*) difriúil leo siúd sa tsonraíocht nua.

Amharcaidh muid ar gach ceann de na háiseanna ar a seal leis an bhealach is fearr le plé leo a fhiosrú.

## Téacs

Seo atá i gceist le mórchuid na n-áiseanna sa leabhrán. Is minic a bhíonn:

- roinn ann a thugann an cúlra;
- roinn ina dtugtar argóintí ar son;
- roinn eile ina dtugtar argóintí in éadan; agus
- sraith d'athfhriotáil ó dhaoine a bhfuil spéis acu sa tsaincheist.

Is minic is féidir faisnéis i dtéacs tosaigh an scrúdpháipéir a úsáid le comhthéacs a chur leis an tsaincheist nó lena chúlra a thabhairt. Thig leis a bheith dúshlánach an téacs uilig a léamh go héifeachtach agus tuiscint a fhorbairt air san am atá ar fáil. De ghnáth bíonn ort dul i ngleic le béarlagair nó giorrúcháin a bhaineann go sainiúil leis an tsaincheist. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh straitéis a fhorbairt le fíric ar leith nó ráiteas a aisghabháil le linn tú a bheith ag scríobh an fhreagra. Seans go mbeadh sé ina chuidiú agat uimhreacha a chur ar na paragraif nó pointí a dhathchódú agus tú ag léamh an téacs, agus ansin na huimhreacha nó na dathanna seo a úsáid nuair a bhíonn tú ag pleanáil do fhreagra. Cleachtadh amháin a léireoidh duit cé acu straitéis is fearr a oibríonn duit san am a cheadaítear.

## Léarscáileanna

Is féidir gur léarscáileanna iad seo a baineadh as léarscáileanna tráchtála amhail léarscáileanna Suirbhéireacht Ordanáis. Athróidh an cineál léarscáile a úsáidtear de réir scála na forbartha. Is iad na léarscáileanna dar scála 1: 50,000 (2 cm go 1 km) is minice a úsáidtear de bhrí gur minic a léiríonn siad an fhorbairt go maith ina comhthéacs spásúil i.e. is féidir an talamh thart uirthi a fheiceáil: na lonnaíochtaí agus na feirmeacha, na cnoic agus na gleannta, b'fhéidir. Is féidir limistéir faoi chosaint a fheiceáil amhail áiteanna atá sainithe mar Pháirceanna Náisiúnta nó mar Anaclanna Dúlra. In amanna is léarscáil níos mionsonraithe a bhíonn de dhíth más saincheist ar scála níos lú atá i gceist agus is féidir go n-úsáidfead léarscáil dar 1:25,000 (4 cm go 1 km) nuair is amhlaidh an scéal. Is scála léarscáile é seo nach mbíonn ann chomh minic céanna, agus cuirtear eochair ar fáil leis i gcónaí. Má bhíonn sliocht as léarscáil mar seo i gceist, go minic tabharfar tagairtí eangaí 4-fhigiúr agus 6-fhigiúr sa téacs. Cé gur féidir leat na tagairtí eangaí a chuirtear ar fáil sa téacs a úsáid ó am go ham, gheofá creidiúint níos fearr ach rud éigin a aimsiú ar an léarscáil nach dtagraítear go díreach dó sa téacs agus tagairt a dheanamh dó, agus an tagairt eangaí a thabhairt faoina choinne. Ná caith barraíocht ama ag cíoradh na léarscáile le gach áit a luaitear a aimsiú.

Tá léarscáileanna eile ann agus nuair a úsáidtear iad, cuidíonn siad leat an áit a shamhlú agus a aimsiú ar léarscáileanna tráchtála. Ó tharla gur léarscáileanna iad seo de ghnáth atá níos simplithe agus gan an oiread céanna mionsonraí iontu, is minic gur pointe maith tosaithe iad agus tú ag iarraidh tuiscint a fháil ar an tsaincheist.

Ba cheart go gcuirfeadh na léarscáileanna éagsúla beocht sa tsaincheist, go háirithe nuair a úsáidtear iad le háiseanna eile. Thig leat a fheiceáil gur fíor shaincheist atá ann a théann i bhfeidhm ar fhíor phobal i bhfíor-thírdhreach.

### Léaráidí nó graif

Ní i gcónaí a bhíonn siad seo ann, ach nuair a bhíonn siad ann, ba cheart go gcuirfeadh siad faisnéis úsáideach ar fáil. D'fhéadfaí go léireodh siad leibhéil fuaime mar shampla, nó sruthanna tráchtá thar ama nó leibhéil truaillithe a bhíonn ag athrú. Amhail na léarscáileanna, is féidir leo siúd a bheith ina n-áiseanna úsáideacha agus, más féidir, ba cheart go n-amharcfaí orthu agus go léireofaí do thuiscint orthu trí fhigiúr nó mionsonra ábhartha eile uathu a chur sa áireamh i do fhreagra. Níor cheart duit barraíocht ama a chaitheamh ag iarraidh léaráid nó graf a oibriú amach nó b'fhéidir go gcruthódh sé deacrachtaí níos faide anonn.

### Táblaí

Bíonn tábla sa phaipéar go measartha minic mar go dtig leis fíricí a chur ar fáil is féidir a úsáid i do fhreagra sa dóigh go mbeidh sé beacht agus le do fhreagra a threisiú. Is minic a bhíonn an ghné scile bunaithe air seo.

### Grianghraif

Chomh maith le léarscáileanna bíonn grianghraif ríthábhachtach le cuidiú leat an tsaincheist a shamhlú. Cuireann siad eolas ar fáil fosta a thig leat a úsáid i d'argóint. Sa phictiúr ag tús an chur síos seo ar CC (DME), mar shampla, is féidir tagairt a dhéanamh don ghrianghraf mar léiriú ar fhearg mhuintir na háite faoi thograí arbh fhéidir leo dochar a dhéanamh do thuath neamh-mhillte. Os a choinne sin, d'fhéadfaí a rá go rabhthas ag úsáid íomhánna scanrúla le himní a chothú agus le dallamullóg a chur ar an lucht léitheoireachta. D'fhéadfadh duine eile amharc ar ghrianghraf de tírdhreach sceirdiúil dearóil agus is é an rud a d'fheicfeadh sé tírdhreach álainn gan mhilleadh.

### Athfhriotail

D'fhéadfadh ceithre nó cúig cinn d'athfhriotail a bheith ann ó réimse daoine a bhfuil spéis acu sa tsaincheist. Ba cheart duit plé leo mar áis chúlra eile a léiríonn láidreacht na mothúchán ar an dá thaobh. Is féidir go mbeidh cuid de na hathfhriotail neodrach agus cothrom ach den chuid is mó léiríonn siad dearcchá taobh amháin nó an taoibh eile. Úsáid focal nó frása ar leith ó athfhriotail atá éifeachtach le tacú le hargóint atá á déanamh agat ach ná húsáid an t-athfhriotail focal ar fhocal. Mar shampla d'fhéadfeá a scríobh:

“Seo an dearcadh atá ag comhairleoir áitiúil amháin a bhí chomh buartha sin faoin fhorbairt gur chuir sé síos uirthi mar “smál ar an tírdhreach” d'áitritheoirí”.

Tá seo i bhfad níos fearr ná a scríobh:

“Dúirt Frank McGurk, comhairleoir áitiúil:

‘Seo smál ar an tírdhreach... tá sé le feiceáil i ngach áit feadh an stráice sin den A45 agus cuireann sé isteach go mór ar an radharc atá ag muintir Ghleann Diarmada, agus laghdaíonn sé luach na dtithe chomh maith”.

**Cuimhnigh:** is féidir na háiseanna uilig a úsáid ar a n-áirítear na téacsanna, na grianghraif, na táblaí agus na léaráidí, le tacú le taobh amháin nó le taobh eile den argóint, ag brath ar an léamh a thugann tú orthu nó na codanna díobh a roghnaíonn tú.

## Gnéithe eile den tuairisc

### Ról

Éilítear ort i gcónaí ról “a ghlacadh agus cloí leis” sa CC (*DME*). Go minic baineann an ról leis an duine atá ag ullmhú na tuairisce, ag déanamh an chinnidh agus á chosaint. Caithfidh tú tagairt a dhéanamh don ról atá tú ag glacadh i gcúpla roinn de do fhreagra; b’fhéidir ag tús an fhreagra go “nglacfá leis an ról” agus sa roinn don chinneadh dheiridh b’fhéidir go “gcloífeá leis an ról” leis an 2 mharc a fháil. Níl de dhíth ach ráiteas simplí mar ‘Mar Státrúnaí don Roinn Timpeallachta, creidim...’ nó a leithéid’.

### Staitisticí

Ní bheifear ag súil leat a bheith ag ríomh staitisticí amhail an triail Chi-Chearnaithe (*Chi-Squared test*) nó Líonta ar Láthair (*Location Quotients*) sa scrúdú. Is féidir go dtabharfar staitistic Chi-Chearnaithe duit, áfach, nó tacar de líonta ar láthair chomh maith le táblaí suntais de réir mar is gá. Ba cheart duit a chinntiú go ndeachaigh tú siar ar na teicnící staitisticiúla uilig agus tú ag ullmhú don CC (*DME*). Ceistigh na sonraí lena chinntiú go dtuigeann tú cad é atá siad ag cur in iúl. Is féidir go gcuideoidh anailís staitistiúil ar na sonraí cuí leat tacú le do chinneadh. Cuimhnigh, áfach, mar shampla, go gcuireann comhghaolú céim an chomhcheangail idir dhá athróg in iúl ach nach léiríonn sé gaol cúisíoch.

### Graf

Go minic i roinn scileanna an pháipéir, caithfidh tú graf a ullmhú ó thábla sonraí. De bhrí gur féidir luach suas le 8 marc bheith ag dul leis seo, ba cheart duit tú féin a ullmhú go maith dó. Cé nach féidir leat bheith ar an eolas faoi na sonraí a iarrfar ort a léiriú, thig leat bheith ar an eolas faoi na cineálacha graf a d’fhéadfá tarraingt agus faoi cé acu graf is cuí don chineál sonraí a chuirtear i láthair. Mar shampla fóireann líneghraif do shonraí leanúnacha agus fóireann barragraif do shonraí scoite. Cuimhnigh fosta go mbeidh tú ag iarraidh an t-am is lú agus is féidir a chaitheamh leis an ghraf seo a chomhlánú. B’fhéidir dá ndéanfá sraith de phíchairteacha gur theicníc chuí a bheadh ann, ach is dócha go gcaithfeá barraíocht ama leo siúd a thógáil agus gan ach am teoranta agat – mar sin de, b’fhearr teicníc eile a úsáid.

Déan cinnte go ndéanfaidh tú tagairt don ghraf in áit chuí i do fhreagra – tá marcanna ar fáil do thagairt don ghraf agat ag áit chuí i do fhreagra.

### Formáid

Go minic bíonn 2 mharc ag dul dó seo agus ba cheart go mbeadh sé furasta na marcanna seo a fháil. Bronnfar na marcanna seo ar fhreagra a leanann an struchtúr a chuirtear ar fáil. Le bheith cinnte go bhfaighidh tú na marcanna, caithfidh tú na treoracha a thugtar duit a leanúint go díreach mar a insítear duit iad, fiú ainmneacha na gceanteideal agus na bhfotheideal, agus na ceanteidil ar na ranna agus fo-ranna a leagan amach go soiléir.

### Scéimeanna marcála i leith Leibhéal Freagartha

Baintear úsáid as scéim mharcála “Leibhéal Freagartha” nuair a mharcáiltear na ranna uilig ar an pháipéar scrúdaithe seo. Ba cheart duit bheith eolach ar an chuma atá ar na scéimeanna marcála seo agus ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm iad – gan mhoill beidh tú ábalta idirdhealú a dhéanamh idir freagraí atá ag na leibhéal éagsúla, agus bheith ábalta marcanna a mheas taobh istigh de na leibhéal fiú. Má amharcann tú ar réimse freagairtí agus an scéim mharcála taobh leat, ba cheart go mbeifeá ábalta cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal ag a gcuirfeá gach freagra agus ar na marcanna a bhronnfá leis an leibhéal sin.

## Cúrsaí ama

Seo téama a thagann chun tosaigh i ngach plé ar an chur chuige cheart don CC (*DMP*) mar is comhpháirt ríthábhachtach é agus tú ag iarraidh an marc is fearr agus is féidir a fháil. Ba cheart go mbeadh an t-am a chaitheann tú ar fhreagra i gcomhréir lena luach. Coinnigh an t-am a gcríochnaíonn an scrúdú i gcuimhne i gcónaí, agus fág go leor ama le cuid dheireanach na ceiste a chríochnú, áit a gcuireann tú do chinneadh in iúl agus a gcosnaíonn tú é. In amanna is é an chomhpháirt is mó ar fad sa roinn uilig í agus caithfidh tú go leor ama a fhágáil lena comhlánú go héifeachtach. Sa cheist, beidh ort cinneadh a dhéanamh bunaithe ar 'na tairbhí is mó ar an iomlán'. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh tú creidiúint a thabhairt, nuair is gá, don frith-argóint ach a bheith áititheach agus frith-argóint láidir a thabhairt ina coinne. Ba cheart duit an tsaincheist a mheas agus cinneadh a dhéanamh agus cosaint a dhéanamh ar do rogha, cé go mbíonn sé níos fusa go minic seo a dhéanamh ag tús roinn na cinnteoireachta, agus ansin an cinneadh sin a chosaint sa chuid eile den fhreagra. Caithfidh tú glacadh leis an togra mar a léirítear é sa pháipéar nó diúltú dó agus ní thig leat comhréiteach nó leagan eile den mholadh a chumadh.

B'fhéidir go sílfí nach féidir mórán a dhéanamh le hullmhú do shaincheist tíreolaíochta nach bhfacthas roimh ré ach mar atá feicthe againn, ní hamhlaidh an scéal ar chor ar bith. Tá cuid mhór is féidir leat a dhéanamh trí bheith ag machnamh agus ag ullmhú roimh an Chleachtadh Cinnteoireachta atá i gceist le hAonad Measúnaithe A2 3.





INVESTORS  
IN PEOPLE

